

The logo for LSRA (Lárionad Seirbhísí Rialála) features the letters 'LSRA' in a bold, white, serif font, centered within a solid purple square.

An
tÚdarás
Rialála
Seirbhísí
Dlí

AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL, 2017

Neamhspleáchas

Nuálaíocht

Cosaint do Thomhaltóirí

Cuntasacht agus Trédhearcacht

Aibreán 2018

Dearbhú

An Tuarascáil Bhliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

Déantar an Tuarascáil Bhliantúil seo don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus don Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas de réir alt 21(1) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.



An Brollach ón gCathaoirleach

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil, 2017 an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí a chur in bhur láthair. Is é seo an dara tuarascáil bhliantúil ón Údarás agus an chéad tuarascáil ina dtugtar léiriú ar bhliain iomlán gníomhaíochtaí.

Tá an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí fós ag céim thionscnaimh ach níor chosc sé sin ar an gcomhlacht rialála nua sraith de thuarascálacha reachtúla a sholáthar laistigh de na teorainneacha ama dúshlánacha atá leagtha síos san Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015. Le linn 2017, chuir an tÚdarás comhairliúcháin phoiblí i gcrích agus thug sé tuarascálacha maidir le Comhpháirtíochtaí Dlí, Cleachtais Ildisciplíneacha agus saincheisteanna a bhaineann le habhcóidí.

Tháinig comhaltaí an Údaráis le chéile seacht n-uaire le linn 2017 agus is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhchomhaltaí den Údarás as an obair dhian agus an rannpháirtíocht a rinne siad i gcaitheamh na bliana. Chuaigh sé i bhfeidhm go mór orm cé chomh tapa a cruthaíodh an modh comhtháiteach ina ndeachaigh an tÚdarás i ngleic leis na tascanna casta go léir a raibh air aghaidh a thabhairt orthu. Gabhaim buíochas, go háirithe, le David Barniville S.C., a d'éirigh as an Údarás i Meán Fómhair tar éis a cheapacháin chuig an Ard-Chúirt. Táim thar a bheith buíoch as a dhúthracht i leith an Údaráis agus as a thiomantas an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí a bhunú mar chomhlacht reachtúil. Táimid, mar Údarás, go mór faoi chomaoin ag ár bPríomh-Fheidhmeannach eatramhach Renee Dempsey as an gceannasaíocht dírithe agus shaineolach a sholáthar sí le linn luaththréimhse an Údaráis.

Ceanglaítear ar an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí, leis an reachtaíocht lena rialaítear é, a bheith neamhspleách i bhfeidhmíú a fheidhmeanna. Tuigimid go maith go bhfuil sé deacair fíor-neamhspleáchas ar na tionchair ionchasacha go léir a chothabháil. Dá bhrí sin, tá muid tiomanta mar Údarás, dá chinntiú gurb é an neamhspleáchas an bhunchloch ar a ndéanfar an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí a thógáil. Beidh muid neamhspleách mar sin agus muid i mbun fianaise a bhailiú agus a bhreithniú agus le linn dúinn anailís agus cinnteoireacht a dhéanamh. Is é seo an caighdeán ard ar ina leith atá súil againn go ndéanfar measúnú orainn.

Léirítear sa tuarascáil seo an méid mór oibre atá déanta go dtí seo, ach tá a lán fós le déanamh sula mbeidh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí in ann raon iomlán na bhfeidhmeanna agus na ndualgas a thugtar dó faoin Acht a chomhlíonadh. Táim muiníneach go rachaidh an tÚdarás agus an fhoireann fheidhmiúcháin, atá beag ach atá éifeachtach, i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis na tascanna casta go léir atá romhainn.

Dr. Don Thornhill
Cathaoirleach



Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tá an-áthas orm an dara tuarascáil bhliantúil ón Údarás Rialála Seirbhísí Dlí faoi alt 21 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 a chur in bhur láthair. Le linn Tuarascáil Bhliantúil 2017 a scríobh, bhí aird agam ar an bhfóras gur le linn téarma oifige Renee Dempsey, Príomhfheidhmeannach eatramhach, a rinneadh go leor den obair dhian a bhfuil sé de phribhléid agamsa tuarascáil a thabhairt ina leith. Táim fíor-bhuíoch as an mbealach coinsiasach agus dúthrachtach lenar thug Renee faoin bpróiseas chun an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí a fhoirmiú. Is mór an tairbhe é domsa Údarás a fháil mar oidhreacht ina bhfuil nósanna imeachta fíorthábhachtacha agus socruithe rialachais bunaithe cheana féin agus caidrimh fíorthábhachtacha foirmithe le páirtithe leasmhara.

Léirítear sa tuarascáil seo go leor den mhéid mór oibre faoinar thug Renee agus an fhoireann bheag a bhí aici mar aon leis na garspricanna a bhain siad amach. Áirítear orthu seo cúig thuarascáil reachtúil maidir le comhshocraíochtaí dlí, cleachtais ildisciplíneacha agus saincheisteanna eile a bhaineann le habhcóidí a sainordáidh leis an Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, cé nach raibh ach creatfhoireann ar fáil.

Táim buíoch d'fhoireann agus de bhainistíocht Dhlí-Chumann na hÉireann, Barra na hÉireann, Cumann Onórach Óstaí na Rí, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí, an Breithneoir Neamhspleách (Aturnaetha) agus an tSeirbhís Chúirteanna a sholáthar tacaíocht agus a roinn eolas maidir le saincheisteanna rialála agus eile in earnáil na seirbhísí dlí. Cé go n-aithníonn siad go léir neamhspleáchas an Údaráis nua, chuireadar fáilte romhainn agus thacaíodar lenár gcuid oibre.

Táim buíoch freisin de na gníomhaireachtaí rialála agus seirbhíse poiblí eile amhail Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, Comhairle na nDochtúirí Leighis, an Chomhairle Mhúinteoireachta, an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, an tÚdarás Rialála Carthanais agus Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a sholáthar comhairle agus cabhair phraiticiúil le linn luaththréimhse an Údaráis. Táimid an-bhuíoch as an am agus an tairbhe a tugadh go flaitiúil. Fuair muid cabhair luachmhar freisin ónár gcomhghleacaithe sa Ríocht Aontaithe, *the Solicitors Regulation Authority, the Legal Services Board, the Legal Ombudsman, the Bar Standards Board, the Council for Licenced Conveyancers* agus *the Chartered Institute of Legal Executives*.

Mar fhocal scoir, is tréimhse ríthábhachtach, dheacair céim thionscnaimh aon eagraíochta; déantar cinní straitéiseacha agus oibríochta atá fíorthábhachtach, cuirtear tús le cultúr na heagraíochta a fhoirmiú agus a ailíniú i dtreo chuspóirí na heagraíochta agus tugtar foireann de dhaoine saineolacha agus dúthrachtacha le chéile chun obair a dhéanamh maidir le comhchuspóir. Táim go mór faoi chomaoin ag foireann bheag an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí a bhfuil tréanobair déanta acu chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhain le heagraíocht rialála nua a bhunú agus teorainneacha ama an Achta a chomhlíonadh. Gabhaim buíochas ó chroí leo.

Dr. Brian J. Doherty
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

CUID a 1: CÉ SINN FÉIN

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (an tÚdarás) an 1 Deireadh Fómhair 2016 de bhua I.R. 507 de 2016 de réir alt 7 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Acht 2015).

Comhlacht corpraithe is ea an tÚdarás a bhfuil comharbas suthain agus séala aige. Soláthraíonn Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus rúnaí an Údaráis an fheidhm fheidhmiúcháin.

Tá an tÚdarás comhdhéanta de 11 Chomhalta arna n-ainmniú de réir alt 9 d'Acht 2015. Tá móramh tuata agus cathaoirleach ar an Údarás. Is é an Rialtas a cheapann comhaltaí an Údaráis tar éis ainmniúcháin arna ndéanamh ag 10 n-eagraíocht. Dearadh an próiseas ainmniúcháin seo chun neamhspleáchas an Údaráis a chinntiú fad a bhí cóimheá leasanna á bhaint amach freisin idir cleachtóirí dlí agus tomhaltóirí a bhaineann leas as a gcuid seirbhísí. Is iad seo a leanas na heagraíochtaí a dhéanann ainmniúcháin:

An Eagraíocht	Líon na nAinmniúcháin
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	1
An tÚdarás um Ard-Oideachas	1
An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	1
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	1
Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí	1
Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann	1
Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann)	1
An Bord um Chúnamh Dlíthiúil	1
Cumann Onórach Óstaí na Rí	1
An Dlí-Chumann	2

Le linn duine a cheapadh mar chomhalta den Údarás, ní foláir don Rialtas a bheith deimhin de go bhfuil eolas aige nó aici ar cheann amháin de na nithe seo a leanas agus saineolas i ndáil leis an gcéanna: seirbhísí dlí a sholáthar, oideachas dlí agus oiliúint dlí, dlí agus beartas iomaíochta, caighdeán a chothabháil i ngairmeacha a bhíonn á rialáil ag comhlacht reachtúil, ábhair ghnó agus thráchtála agus riachtanais tomhaltóirí seirbhísí dlí.

Tháinig an tÚdarás le chéile den chéad uair an 26 Deireadh Fómhair 2016 tar éis an próiseas ainmniúcháin le haghaidh comhaltais a chur i gcrích.

Is mar seo a leanas a bhí an chéad chomhaltas den Údarás an 26 Deireadh Fómhair:

An Comhalta den Údarás	Eagraíocht	Téarma ¹ an Cheapacháin
Angela Black	An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	4 Bliana
Don Thornhill (Cathaoirleach)	An tÚdarás um Ard-Oideachas	4 Bliana
Deirdre McHugh	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	3 Bliana
Gerry Whyte	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	4 Bliana
Stephen Fitzpatrick	Institiúid na gCuntasóirí Costas Dí	3 Bliana
Dermott Jewell	Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann	3 Bliana
David Barniville ²	Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann)	3 Bliana
Joan Crawford	An Bord um Chúnamh Dlíthiúil	4 Bliana
Eileen Barrington	Cumann Onórach Óstaí na Rí	4 Bliana
James MacGuill	An Dí-Chumann	4 Bliana
Geraldine Clarke	An Dí-Chumann	3 Bliana

Tháinig an tÚdarás le chéile naoi n-uaire idir an 26 Deireadh Fómhair 2016 agus an 16 Samhain 2017. Tharla seacht gcinn de na cruinnithe sin laistigh de thréimhse tuairiscithe 2017 den tuarascáil bhliantúil seo.

Tá an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe glactha ag an Údarás agus cuireadh tús le forálacha iomchuí an Chóid a chur i ngníomh i gcaitheamh 2017.

Thug an tÚdarás faoi ghníomhartha sainfhála i 2017 le comhairle agus cabhair ó Oifig Soláthair an Rialtais. Baineadh úsáid as na Creata Uile-Rialtais reatha sna gníomhartha sainfhála. Tar éis na ngníomhartha sin, ceapadh McDowell Purcell Solicitors mar chomhairleoirí dlí don Údarás Rialála Seirbhísí Dlí agus ceapadh Crowleys DFK chun seirbhísí cuntasáochta a sholáthar.

Soláthraíonn Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin agus Rúnaí an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí an fheidhm fheidhmiúcháin. Chomhlíon Renee Dempsey dualgais an POF Eatramhaigh go dtí gur ceapadh Brian Doherty an 14 Meán Fómhair 2017.

Faoi alt 21(1) d'Acht 2015, déanfaidh an tÚdarás, tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain, tuarascáil (dá ngairtear an Tuarascáil Bhliantúil) don Aire agus don Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas, nó aon Chomhchoiste Oireachtais a chuirfeadh in ionad an Chomhchoiste sin, i dtaobh chomhlíonadh a fheidhmeanna i rith na bliana roimhe sin. Féadfaidh an tuarascáil bhliantúil a bheith i cibé foirm agus beidh faisnéis ar áireamh inti maidir le cibé nithe is cuí leis an Údarás. Cuirtear an tuarascáil bhliantúil seo faoi bhráid an Aire agus an Chomhchoiste i gcomhlíonadh alt 21(1) d'Acht 2015.

¹ Faoi alt 10 d'Acht 2015, beidh 5 de chomhaltaí an Údaráis, a roghnófar trí chrannchur, i seilbh oifige ar feadh tréimhse 3 bliana agus beidh na comhaltaí eile, lena n-áirítear an Chathaoir, i seilbh oifige ar feadh tréimhse 4 bliana.

² Ceapadh David Barniville mar bhreitheamh san Ard-Chúirt i Samhain 2017 agus níor líonadh ainmniúchán Chomhairle an Bharra don ÚRSD go fóill.

Cuid a Dó: Ár bhFís, ár Misean, ár gCuspóirí, ár bhFeidhmeanna agus ár Luachanna

Tá an Fhís Straitéiseach seo a leanas glactha ag an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí don tréimhse 2018-2020

Ár bhFís:

“An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí a fhorbairt mar chomhlacht rialála a bheidh éifeachtúil, éifeachtach agus cuntasach agus ag a mbeidh sé de chumas leas an phobail agus leasanna tomhaltóirí seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn fad a dhéantar gairm dlí neamhspleách, láidir agus iomaíoch leis na caighdeáin ghairmiúlachta agus ionracais is fearr a spreagadh.”

Tógtar misean ÚRSD díreach as alt 13(1) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015:

Ár Misean:

“Déanfaidh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí rialáil ar sholáthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí agus cinnteoidh sé go gcothabhálfar agus go bhfeabhsófar caighdeáin maidir le soláthar seirbhísí dlí sa Stát.”

Tógtar na Sé Chuspóir Reachtúla de chuid an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí as Acht 2015.

Sé Chuspóir Reachtúla atá Againn:

Déanfaidh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí³

- (1) Leas an phobail a chosaint agus a chur chun cinn.
- (2) Tacú le riaradh cuí éifeachtach an cheartais.
- (3) Leasanna tomhaltóirí a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn.
- (4) An t-iomaíochas a chur cinn i soláthar seirbhísí dlí sa Stát.
- (5) Gairm dlí neamhspleách, láidir agus éifeachtach a spreagadh.
- (6) Comhall na bprionsabal gairmiúil a shonraítear in Acht 2015 agus a bhaineann le dlí-chleachtóirí a chur chun cinn agus a chothabháil.⁴

³ De réir alt 13(4) d’Acht 2015

⁴ In alt 13(5) d’Acht 2015, leagtar amach prionsabail ghairmiúla dlí-chleachtóirí mar seo a leanas:

- (a) Maidir le dlí-chleachtóirí
 - (i) gníomhóidh siad le neamhspleáchas agus go hionraic,
 - (ii) gníomhóidh siad ar mhaithe le leas a gcliant,
 - (iii) déanfaidh siad caighdeáin chearta oibre a chothabháil,

Aon Fheidhm Dhéag Fíorthábhachtacha atá Againn:

Déanfaidh an tÚdarás na feidhmeanna sonracha seo a leanas a ghabháil de láimh mar chuid dá ról:


- (1) Na nithe seo a leanas a choimeád faoi athbhreithniú agus moltaí a thabhairt don Aire ina dtaobh:
 - a. ceanglais iontrála an Dlí-Chumainn, Chomhairle an Bharra, agus Chumann Onórach Óstaí na Rí;
 - b. oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear oiliúint leanúnach do ghairmeacha na n-aturnaetha agus na n-abhcóidí, a bheith ar fáil agus cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna sin;
 - c. beartais an Dlí-Chumainn i ndáil le daoine a ghlacadh mar aturnaetha agus beartais Chomhairle an Bharra i ndáil le teidlíocht daoine chun cleachtadh mar abhcóidí;
 - d. cóid ghairmiúla;
 - e. soláthar seirbhísí dlí sa Stát a eagrú.
- (2) Faisnéis a scaipeadh i leith na gceanglas maidir le hoideachas agus creidiúnú agus aon nithe eile dá dtagraítear thuas de réir mar is cuí leis an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí.
- (3) An cineál agus na leibhéil íosta árachais slánaíochta is gá a shonrú.
- (4) Córas iniúchta ar dhlí-chleachtóirí a bhunú agus a riaradh chun críocha an Achta.
- (5) Gearáin in aghaidh dlí-chleachtóirí a ghlacadh agus a imscrúdú.
- (6) Rolla d'abhcóidí cleachtacha a bhunú agus a chothabháil.
- (7) Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i leith seirbhísí dlí, lena n-áirítear costas na seirbhísí sin.
- (8) An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí i leith seirbhísí dlí, lena n-áirítear costas na seirbhísí sin.
- (9) An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí i leith soláthar seirbhísí dlí agus moltaí a thabhairt don Aire chun cuidiú leis an Aire beartas a chomhordú agus a fhorbairt.
- (10) Tionscail taighde agus gníomhaíochtaí eile i leith soláthar seirbhísí dlí a ghabháil de láimh, a choimisiúnú nó cuidiú a thabhairt maidir leo, is tionscadail taighde agus gníomhaíochtaí a fhéadfaidh feasacht an phobail a mhéadú agus feabhsú ar chaighdeán i leith sholáthar na seirbhísí sin a chur chun cinn, agus moltaí a thabhairt don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
- (11) Aon fheidhmeanna eile a thugtar dó leis an Acht nó le rialacháin arna ndéanamh faoin Acht a chomhlíonadh.

-
- (b) go ndéanfaidh dlí-chleachtóirí a fheidhmeoidh ceart éisteachta os comhair aon chúirt, nó a thionscnóidh dlíthíocht i ndáil le himeachtaí in aon chúirt de bhua iad a bheith ina ndlí-chleachtóirí, cibé dualgais a bheidh ag dul le ceart don chúirt a chomhlíonadh, agus
 - (c) go ndéanfar, faoi réir aon oibleagáid ghairmiúil ar dhlí-chleachtóir, lena n-áirítear aon oibleagáid mar oifigeach don chúirt, gnóthaí cliant a choimeád faoi rún.

Ceithre Bhunluach atá Againn:

Treoróidh na bunluachanna atá againn obair an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí mar chomhlacht seirbhíse poiblí.

1. Neamhspleáchas
2. Cosaint do Thomhaltóirí
3. Nuálaíocht
4. Trédhearcacht agus Cuntasacht



Cuid a Trí: Amharc Amháin ar 2017

01 Eanáir 2017	Ceapadh Renee Dempsey mar POF Eatramhach
19 Eanáir 2017	Ag an 4 ^ú cruinniú den Údarás, rinneadh athbhreithniú ar Bhuiséad 2017 agus ceadaíodh é. Ghlac an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Chomhaontaigh comhaltaí an Údaráis an próiseas chun Seirbhís Chuardaigh Feidhmiúcháin a fhostú.
21 Feabhra 2017	Cuireadh tús leis an obair maidir le comhairliúchán poiblí faoi alt 118 agus comhairliúcháin phoiblí agus tuarascálacha reachtúla faoi alt 119.
09 Márta 2017	Ag an 5 ^ú cruinniú den Údarás, tugadh an t-eolas is deireanaí maidir le dul chun cinn an phróisis i dtaca le comhairliúchán poiblí faoi alt 118 agus alt 119. Bunaíodh córais chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe airgeadais agus léiríodh na riachtanais maidir le foireann, acmhainní agus cóiríocht.
30 Márta 2017	Tionóladh Cruinniú Speisialta den Údarás chun tuarascálacha faoi alt 118 agus alt 119 a chríochnú agus a cheadú chun iad a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
31 Márta 2017	Cuireadh an tuarascáil faoi alt 118, tar éis comhairliúchán a dhéanamh i ndáil le rialáil agus oibriú Comhpháirtíochtaí Dlí agus faireachán ar an gcéanna , faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
31 Márta 2017	Cuireadh an tuarascáil taighde faoi alt 119 maidir le cleachtais ildisciplíneacha sa Stát a bhunú, a rialáil agus a oibriú agus an éifeacht a bheidh leo, faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
30 April 2017	Cuireadh an Chéad Tuarascáil Bhliantúil ón ÚRSD don bhliain 2016 faoi bhráid an Aire agus an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas.
15 Meitheamh 2017	Ag an 7 ^ú cruinniú den Údarás, ceadaíodh ceapachán POF buan faoi réir chonradh agus fógra.
31 Iúil 2017	Cuireadh tuarascáil eatramhach eile faoi alt 118 i ndáil le Comhpháirtíochtaí Dlí faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
29 Lúnasa 2017	Tionóladh comhcheardlann maidir le Comhpháirtíochtaí agus Dlí Comhpháirtíochtaí faoi Dhliteanas Teoranta leis an Dlí-Chumann agus le Barra na hÉireann.
13 Meán Fómhair 2017	D'aistrigh ÚRSD isteach i gcóiríocht oifige seirbhísithe.
14 Meán Fómhair 2017	Ceapadh Brian Doherty mar POF buan.

- 29 Meán Fómhair 2017 Tar éis comhairliúchán poiblí a dhéanamh, cuireadh an dara tuarascáil faoi alt 119 maidir le cleachtais ildisciplíneacha sa Stát a bhunú, a rialáil agus a oibriú agus an éifeacht a bheidh leo, faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
- 29 Meán Fómhair 2017 Tar éis comhairliúchán poiblí a dhéanamh, cuireadh tuarascáil faoi alt 120 d’Acht 2015 maidir le nithe áirithe a bhaineann le habhcóidí , faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
- 16 Samhain 2017 Ag an 9^ú cruinniú den Údarás, comhaontaíodh plean gníomhaíochta chun comhpháirtíochtaí dlí a chur i ngníomh faoi réir chlár ama athbhreithnithe agus réadúil. Rinneadh athbhreithniú ar an struchtúr foirne agus ceadaíodh é agus iarradh ar an bhfeidhmeannacht plean straitéiseach a fhorbairt lena chur i láthair ag an gcéad chruinniú i 2018.
- 22 Samhain 2017 Tionóladh ceardlann lae iomláin le Roinn Rialála an Dlí-Chumainn maidir le Comhpháirtíochtaí Dlí.
- 21 Nollaig 2017 Chuir Feidhmeannacht ÚRSD an tuarascáil maidir le struchtúr foirne i gcrích

Cuid a Ceathair: Tuairisciú Reachtúil i 2017

I 2017, d'fhoilsigh ÚRSD sé thuarascáil a bhfuil sé de cheangal air iad a fhoilsiú faoin Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015. Bhí an Tuarascáil Bhliantúil do 2016 ina measc agus foilsíodh í in Aibreán 2017 agus cumhdaíodh inti na chéad míonna tar éis bhunú an Údaráis. Mar atá luaite in áit eile sa Tuarascáil Bhliantúil seo, cuireadh de cheangal ar an Údarás freisin san Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí sraith tuarascálacha a chur ar fáil maidir le múnlaí nua gnó agus saincheisteanna gaolmhara faoi dhianspriocanna reachtúla agus gan ach foireann íosta ar fáil di.

Is tuarascálacha mionsonraithe agus casta iad seo lenar cuireadh dualgas ar ÚRSD gníomhartha comhairliúcháin phoiblí a ghabháil de láimh agus taighde a sheoladh maidir le cleachtas idirnáisiúnta i soláthar seirbhísí dlí. Ullmhaíodh dhá thuarascáil faoi alt 118 d'Acht 2015 maidir le hoibriú Comhpháirtíochtaí Dlí⁵. Cheangail Acht 2015 ar ÚRSD gabháil do phróiseas comhairliúcháin phoiblí i ndáil le rialáil agus oibriú comhpháirtíochtaí dlí agus faireachán ar an gcéanna díreach tar éis é a bhunú agus tuarascáil a thabhairt ar an gcomhairliúchán laistigh de shé mhí. Cheangail Acht 2015 ar ÚRSD freisin, agus aird aige ar aon aighneachtaí arna ndéanamh chuige, tuarascáil a ullmhú don Aire ag leagan amach moltaí i ndáil le rialáil agus oibriú comhpháirtíochtaí dlí agus faireachán ar an gcéanna. Cuireadh an chéad thuarascáil ón ÚRSD maidir le Comhpháirtíochtaí Dlí faoi bhráid an Aire, laistigh den spriocam reachtúil, an 31 Márta 2017. Cuireadh an dara thuarascáil maidir le Comhpháirtíochtaí Dlí faoi bhráid an Aire an 31 Iúil 2017.

D'ullmhaigh ÚRSD dhá thuarascáil freisin faoi alt 119 d'Acht 2015 maidir le bunú, rialáil agus oibriú cleachtas ildisciplíneacha agus faireachán ar an gcéanna agus an éifeacht a bheidh leo. Ceanglaíodh go gcumhdófaí sa chéad thuarascáil oibriú cleachtas comhchosúil i ndlínsí eile, na hiarmhairtí is dócha a bheadh mar thoradh ar chleachtas ildisciplíneacha d'oibriú sa Stát, an tionchar is dócha a bheadh ann maidir le costais dlí, soláthar seirbhísí dlí do thomhaltóirí agus rochtain ag daoine ar

AN CHÉAD THUARASCÁIL MAIDIR LE COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLÍ

Ar an 31 Márta 2017, tar éis comhairliúchán poiblí a dhéanamh, chuir ÚRSD thuarascáil faoi a. 118 i ndáil le rialáil agus oibriú comhpháirtíochtaí dlí agus faireachán ar an gcéanna faoi bhráid an Aire.

Príomhfhionnachtana:

- Glacann an tÚdarás leis an tiomantas reachtúil comhpháirtíochtaí dlí a thabhairt isteach agus beartaíonn sé socrú a dhéanamh chun iad a chur i ngníomh.
- Tá an tÚdarás buartha maidir leis na rioscaí a bhaineann le comhpháirtíochtaí dlí a thabhairt isteach go ró-luath.
- Is mian leis an Údarás a chinntiú go ndéanfar gach beart idirghabhála cuí chun creat láidir a chruthú le haghaidh comhpháirtíochtaí dlí.
- Tá sé beartaithe ag an Údarás dianthréimhse athbhreithnithe agus tuilleadh comhairliúcháin a dhéanamh. Bheartaigh an tÚdarás freisin thuarascáil eile maidir le Comhpháirtíochtaí Dlí a chur ar fáil tráth nach déanaí ná an 31 Iúil 2017.

⁵ Ciallaíonn "Comhpháirtíocht Dlí" comhpháirtíocht idir dhá abhcóide nó níos mó nó comhpháirtíocht idir abhcóide amháin nó níos mó chun seirbhísí dlí a sholáthar.

chleachtóirí dlí. Ceanglaíodh le Reacht freisin faisnéis a áireamh sa tuarascáil maidir leis an éifeacht is dócha a bheadh ag oibriú Cleachtas Ildisciplíneacha⁶ sa Stát ar chuspóirí ÚRSD. Sonraítear na cuspóirí sin in alt 13(4) den Acht agus leagadh amach iad níos luaithe sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Ceanglaíodh leis an Acht go ndéanfaí an chéad tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire sé mhí ó dháta bunaithe ÚRSD. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire an 31 Márta 2017, laistigh den chreat ama reachtúil. Ceanglaíodh an dara tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire laistigh de shé mhí tar éis an chéad tuarascáil a chur faoina bhráid nó faoina bráid. Bhí gá le gníomh comhairliúcháin phoiblí a chur i gcrích i ndáil le Cleachtais Ildisciplíneacha a thabhairt isteach sa Stát don tuarascáil sin. Chuir ÚRSD an comhairliúchán poiblí agus na riachtanais tuairiscithe i gcrích laistigh den teorainn ama reachtúil agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire an 29 Meán Fómhair 2017.

Ar deireadh, chuir ÚRSD tuarascáil faoi alt 120 d'Acht 2015 faoi bhráid an Aire tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna áirithe a bhaineann le habhcóidí. Ar na saincheisteanna bhí a mhéid is gá an srian a choimeád ar dhlí-chleachtóirí, seachas aturnaetha, airgead cliant a shealbhú, rochtain dhíreach ar abhcóidí in ábhair chonspóideacha agus na himthosca agus an tslí ina bhféadfaidh abhcóide airgead cliant a shealbhú agus na sásraí a bheadh le cur i bhfeidhm chun airgead cliant arna shealbhú amhlaidh a chosaint. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire an 29 Meán Fómhair 2017, laistigh den amlíne reachtúil.

Tá na tuarascálacha seo go léir le fáil ar shuíomh gréasáin ÚRSD agus tá achoimre ar na príomhfhionnachtana i ngach tuarascáil le fáil sna taobh-bharraí a ghabhann leis an Tuarascáil Bhliantúil seo.

AN DARA TUARASCÁIL MAIDIR LE COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLÍ

Chuir ÚRSD an dara tuarascáil uaidh faoin tsaincheist maidir le comhpháirtíochtaí dlí faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an 31 Iúil 2017.

Léiríodh sa tuarascáil seo na céimeanna fíorthábhachtacha a ghlacfaidh ÚRSD le linn ullmhúcháin a dhéanamh chun comhpháirtíochtaí dlí a thabhairt isteach a luaithe is féidir.

Ar áireamh orthu sin bhí tuairisciú don Aire i dáil leis na saincheisteanna a bhaineann le habhcóidí agus gníomhartha comhairliúcháin a ghabháil de láimh go díreach chun tuairim gach páirtí leasmhar a fháil i ndáil le Comhpháirtíochtaí Dlí, Comhpháirtíochtaí Ildisciplíneacha agus Saincheisteanna a bhaineann le hAbhcóidí.

Leagadh amach sa tuarascáil freisin an gá atá ann leanúint den ullmhúchán chun feidhmeanna imscrúdúcháin, gearáin agus araonaíochta an Údaráis a bhunú agus leanúint den fhoireann, áitreabh agus na hacmhainní is gá a bhunú chun go ndéanfaidh an tÚdarás a shainordú a chomhlíonadh.

⁶ Ciallaíonn “Cleachtas Ildisciplíneach” comhpháirtíocht arna foirmiú faoi dhlí an Stáit trí chomhaontú i scríbhinn idir beirt phearsa aonair, ar dlí-chleachtóir duine amháin acu ar a laghad, d’fhonn seirbhísí dlí agus seirbhísí seachas seirbhísí dlí a sholáthar.

Comhlacht Rialála Nua a Thógáil

De réir mar a mbeifí ag súil leis ó ghníomhaireacht tionscnaimh, díriodh iarrachtaí ÚRSD go mór ar an bhfás mar eagraíocht agus an fhoireann, na nósanna imeachta, an rialachas agus an bonneagar a bhunú lena ligfeadh don ÚRSD an cúram leathan a léirítear le hAcht 2015 a ghabháil de láimh. Bhí gá le hanailís chúramach agus chuimsitheach ar Acht 2015 agus reachtaíocht eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar obair an Údaráis. Is tasc lena mbaineann go leor ama agus saothair an t-athbhreithniú ar oibleagáidí reachtúla ÚRSD agus an iarracht ansin próisis agus nósanna imeachta a fhorbairt trínar féidir iad a chur ag oibriú. Tá ÚRSD tiomanta áfach, bunsraitheanna láidre a thógáil ar a bhféadfar comhlacht reachtúil nua atá neamhspleách agus éifeachtach a thógáil.

Is cóir a aithint freisin gur Acht de chineál comhghlasta Acht 2015. Ciallaíonn sé sin go bhfuil idirthuilleamaíochtaí ann idir codanna den Acht nach féidir a scaradh óna chéile go néata ná go héasca. Mar shampla, faoi Chuid 9 den Acht, ní foláir don ÚRSD an rolla d'Abhcóidí Cleachtacha a bhunú agus a chothabháil. Is rolla beo é seo de na habhcóidí cáilithe go léir a sholáthraíonn, nó a thugann le fios go soláthraíonn siad, seirbhísí dlí de réir sraith míniúchán iomchuí faoin Acht. Ní foláir Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a bhunú d'fhonn na ríomhaireachtaí is gá a dhéanamh chun an tobhach ar na gairmeacha dlí faoi Chuid 7 den Acht, arb é príomhshásra maoinithe ÚRSD é, a chionroinnt. Fágann cineál comhghlasta Acht 2015 go bhfuil sé riachtanach anailís chúramach a dhéanamh ar an Acht agus planáil cuimsitheach a dhéanamh maidir le conas é a chur i ngníomh chun go n-oibreoidh ÚRSD go héifeachtach.

Tá anailís chúramach agus chuimsitheach déanta ag foireann bheag ÚRSD ar na hailt chomhghlasta den Act agus tá an doiciméadacht is gá chun treoir a thabhairt maidir lena gcur i ngníomh tíolactha acu. D'fhostaigh ÚRSD comhairleoir saineolach freisin chun sceideal

AN CHÉAD TUARASCÁIL MAIDIR LE CLEACHTAIS ILDISCIPLÍNEACHA

Chuir an tÚdarás an chéad tuarascáil uaidh maidir le Cleachtais Ildisciplíneacha faoi alt 119 d'Acht 2015 faoi bhráid an Aire an 31 Márta 2017.

Ar áireamh sa tuarascáil bhí faisnéis maidir le hoibriú cleachtas comhchosúil i ndlínsí eile, na hiarmhairtí is dócha a bheadh ann do na múnlaí cleachtas reatha in Éirinn agus an tionchar is dócha a bheadh ag Cleachtais Ildisciplíneacha ar chostais dlí, soláthar seirbhísí dlí do thomhaltóirí agus ar na cuspóirí reachtúla atá leagtha amach in Acht 2015.

Tháinig na príomhfhionnachtana seo a leanas as an taighde ar Chleachtais Ildisciplíneacha i ndlínsí eile:

Ceadaítear, i níos mó agus níos mó dlínsí, foirm éigin d'úinéireacht gnóthas dlí ag daoine nach dlíodóirí. Ní cheadaíonn formhór na ndlínsí do dhaoine nach dlíodóirí comhpháirtíochtaí a dhéanamh ná táillí a roinnt le dlíodóirí.

Laistigh de na dlínsí inar tugadh isteach úinéireacht ag daoine nach dlíodóirí, baineadh úsáid as réimse leathan múnlaí. Bhí tionchar ag cuspóirí gach dlínse agus iad á dtabhairt isteach ar an méid sin.

Sna múnlaí úinéireachta ag daoine nach dlíodóirí a tugadh isteach in áiteanna eile, bunaíodh gnéithe sonracha a dearadh chun déileáil leis na bunshaincheisteanna a bhaineann le neamhspleáchas an dlíodóra agus easaontachtaí leasa.

Ar Lean...

tosach feidhme d’Acht 2015 a thíolacadh. Baineadh úsáid as an sceideal tosach feidhme sin mar bhonn leis na hamscálaí le haghaidh cur i ngníomh a leagadh amach i bPlean Straitéiseach ÚRSD 2019 – 2020 a forbraíodh le linn ráithe dheiridh 2017 agus sa chéad ráithe de 2018. Cuireadh an Plean Straitéiseach faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais in Aibreán 2018.

I ndáil le tosach feidhme na bhfeidhmeanna go léir a cheanglaítear faoi Acht 2015, aithnítear sa Phlean Straitéiseach go mbeadh gá leis an bhfoireann chuí a earcú agus a chur faoi oiliúint, na córais TF is gá a bhunú, áitreabh buan a áirithiú agus an bonneagar breise a bheadh ag teastáil a fhorbairt. Tugtar amscála léiritheach sa Phlean Straitéiseach chun na garspriocanna fíorthábhachtacha a bhaint amach ar gá iad chun raon iomlán na bhfeidhmeanna a cheanglaítear faoin Acht a ghabháil de láimh. Tá Plean Straitéiseach ÚRSD le fáil ar shuíomh gréasáin ÚRSD.

Foireann

Le linn 2017 bhí foireann ÚRSD teoranta don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Rúnaí an Údaráis agus foireann bheag. I gcaitheamh na bliana, bhí an fhoireann comhdhéanta d’Abhcóide Comhairleach a bhí ar iasacht ó Thithe an Oireachtais, aturnae speisialtóireachta a bhí ar iasacht ó chomhairleoirí dlí an Údaráis, agus beirt oifigeach cléireachais ar Chonradh Téarma Shocraithe.

Tá iarracht mhór déanta ag ÚRSD chun anailís a dhéanamh ar cheanglais Acht 2015 agus chun struchtúr foirne a fhorbairt as a dtiocfaidh córas reachtúil. Cuireadh an struchtúr foirne i gcrích go déanach i 2017 agus déanfaidh sainchomhairleoir athbhreithniú air sula gcuirfear é i ngníomh.

Faoi alt 25 d’Acht 2015, cé gur féidir le ÚRSD a fhoireann féin a cheapadh, is gá ceadú a fháil

AN CHÉAD TUARASCÁIL MAIDIR LE CLEACHTAIS ILLDISCIPLÍNEACHA

(AR LEAN....)

Baineadh teorainneacha a bhí le cuid de na múnlaí Cleachtas Ildisciplíneacha i ndlíní eile, de mhéideanna éagsúla, ar raon na seirbhísí a fhéadfaidh struchtúir ghnó ar úinéireacht ag dlíodóirí iad a sholáthar, baineadh bacainní ar chomhúinéireacht agus ceadaíodh dliteanas teoranta.

Níl ach sciar an-bheag den mhargadh ag Cleachtas Ildisciplíneacha i ngach dlínse inar glacadh an múnla, rud a fhágann gur deacair aon éifeacht suntasach ar an earnáil dlí a shainaithint. Ní dhealraíonn sé gur tharla aon fhadhbanna i ndáil le caighdeán ná le hiompar eiticiúil agus gurbh é an éifeacht is coitinne a bhain le Cleachtas Ildisciplíneacha a thabhairt isteach in áiteanna eile ná an tionchar a bhí ar an éagsúlacht seirbhísí a bhí ar fáil agus ar bharrinneacht scála agus an raon a cuireadh ar fáil trí sheirbhísí a chuachadh.

Moladh sa tuarascáil go mbreithneodh an tÚdarás tuilleadh na cuspóirí nó na torthaí ar mhian leis iad a bhaint amach sa mhargadh dlí trí Chleachtas Ildisciplíneacha a thabhairt isteach, tuilleadh fianaise a lorg maidir le hiontrálaithe ionchasacha sa mhargadh dlí in Éirinn d’fhonn tuiscint a fháil ar aon bhacainní nó rudaí mealltacha atá ann dóibh siúd a bheidh ag breithniú gabháil don earnáil agus a aithint freisin nach mbeadh Cleachtas Ildisciplíneacha ach ina gcuid an-bheag den mhargadh iomlán seirbhísí dlí dá dtabharfaí isteach iad. Ba chóir féachaint ar bhealaí eile lena bhféadfaí tionchar níos mó a imirt ar an iompar san earnáil dlí traidisiúnta.

Ar deireadh, rinneadh meabhraíochtaí sa tuarascáil faoin gcruth a bheadh ar an ngníomh comhairliúcháin phoiblí a raibh sé de cheangal ar an Údarás a dhéanamh sula gcuirfear an dara tuarascáil maidir le Cleachtas Ildisciplíneacha faoi bhráid an Aire.

ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a chinneadh mar aon le líon agus gráid na foirne san Údarás. Tá go leor teagmhála déanta ag ÚRSD leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil leis an struchtúr agus an líon foirne a bheidh ann.

Faoi alt 26 d'Acht 2015, féadfaidh an tÚdarás an rogha a thabhairt d'fhoireann cuícháilithe de chuid an Dhí-Chumainn nó Chomhairle an Bharra aistriú chuig an Údarás. Tá teagmháil fhoirmiúil tosaithe ag ÚRSD leis an dá chomhlacht gairmiúil maidir le haistriú ionchasach foirne.

Feidhm Ghearáin faoi Chuid 6 d'Acht 2015

Tuigeann ÚRSD go maith, ar ndóigh, go bhfuil cuid mhaith de spéis an phobail in obair an Údaráis bunaithe ar an fheidhm ghearáin faoi Chuid 6 den Acht. Tá anailís chúramach déanta ag ÚRSD ar an gcóras nua maidir le gearáin dá bhforáiltear faoin Acht.

Ta obair ag dul ar aghaidh chun an bonneagar, an fhoireann agus na hacmhainní eile is gá a fhorbairt chun Cuid 6 den Acht a chur i ngníomh go cúramach. Níor chóir ganmheastachán a dhéanamh ar an tasc is gá chun Cuid 6 a chur i ngníomh mar gur gá an fhoireann agus na hacmhainní a bhunú chun an córas gearáin a oibriú, lena n-áirítear foireann a aistriú ó na comhlachtaí gairmiúla, córas TF a fhorbairt chun gearáin a láimhseáil, mar aon le háitreabh agus bonneagar, nósanna imeachta um réiteach gearán a bhunú, chomh maith leis an gCoiste Gearáin agus an Coiste Athbhreithnithe (dhá choiste rialála lena gcuirfeadh taca faoi oibríochtaí ÚRSD sa réimse seo) agus an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí a bhunú. Cé go mbeidh an Binse neamhspleách ó thaobh oibríochta de, beidh sé á mhaoiniú go hiomlán ag ÚRSD agus gheobhaidh sé tacaíocht lóistíochtúil agus riaracháin ón ÚRSD.

Beidh ÚRSD dírithe go mór ar obair sa réimse seo i 2018 de réir mar a leanfar d'iarrachtaí ÚRSD maidir leis an sprioc straitéiseach comhlacht rialála agus feidhm ghearáin atá neamhspleách agus éifeachtach a thógáil.

Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha

AN DARA TUARASCÁIL MAIDIR LE CLEACHTAIS ILDISCIPLÍNEACHA

An 29 Meán Fómhair 2017, chuir ÚRSD an dara tuarascáil uaidh maidir le Cleachtas Ildisciplíneacha faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tugadh achoimre sa tuarascáil ar na tuairimí a fuarthas ó chomhairliúchán poiblí a sheol ÚRSD.

Tháinig an tuarascáil ar an gconclúid gur chóir don Údarás a chuid acmhainní a dhíriú ar Chomhpháirtíochtaí Dlí agus Comhpháirtíochtaí faoi Dhliteanas Teoranta a thabhairt isteach agus ar thús a chur le feidhm ghearáin an Údaráis an dáta is luaithe is féidir. Tá gealltanas tugtha ag an Údarás go bhféachfaidh sé ar ábhar na gCleachtas Ildisciplíneacha arís tar éis dó na múnlaí gnó nua a thabhairt isteach agus tús a chur le feidhmeanna tábhachtacha eile an Údaráis faoi Acht 2015.

I gcaitheamh 2017, rinne ÚRSD obair ullmhúcháin fhorleathan chun tús a chur le Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha i 2018. Ar áireamh san obair bhí anailís ar na mínithe éagsúla a leagtar amach san Acht atá idirnasctha chun a shainordú cé hiad a cheanglaítear a chlárú ar an Rolla chomh maith le ceanglais lóistíochtúla agus eile chun clár poiblí a chruthú.

Bhí ÚRSD i mbun plé leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le riachtanais an Rolla ar feadh iomlán an ama sin.

